le bheith in do shui innti ach oiread le bus ach amhain go bhfuil tu thuas ins an speir i gceann agus ar an talamh sa gceann eile.

Bhi chuile short go brea go raibh muid tri h-uaire a chloig imthigh an Aerphort. A, a chara mo chroi thu, cheap muid gur sloigeadh muid leis an tuitim a rinne si, craitheadh gach duine ar bord. Nuair a bhreathnuigh muid amach aris ni raibh ag obair ach ineall amhain; bhi gach duine ag athru dathanna; bhi na h-inealltoiri ag rith siar agus iniar tharainn. Bhi fhios aguinn go raibh muid i dtriobloid an uair sin. Bhi faitchios ar aon-dhuine seasamh suas ach muid annsin agus greim an fhir bhaite againn ar na suidheachain ag breathnu ar a cheile. Ni raibh aithne agam ar aon dhuine acu ach dha chailin og agus bhi duine acu sin ar gach taobh dhiom, ba ghearr go raibh an paidrin dha ra againn.

Dubhairt an Stiobhard linn go raibh muid ag dul ar ais go dti Aerphort na Sionnaine. Sin e ar theastuigh uainn an uair sin, stop na Paidreacha no cuid acu ar aon nos agus thosaigh an caoine agus an chraitheamh. O, ni faitchios go dti e, dfheicfhea an croi ag leimneacht i largach creatur acu agus me fhein chomh maith leobh silim; bhi muid sgaipi gan aon neall a chodhladh an oiche roimhe no beidir an oiche roimhe sin cuid againn.

Nuair a d'isli muid ag an Aerphort bhris an t-ineall deire ach buiochas le Dia thug si anuas slan muid ar aon chaoi. Sin e an uair a fuair muid amach go raibh timpist ag an eiteallan a raibh muid ag fanachth lei an oiche roimhe sin thit si san lodail agus marbhuigheadh seachtu agus ahocht duine uirrthi. "Sin i an iarraidh a mharbhuigh an mhuic." Nuair a chuala na paisinearai e sin d'imthigh fiche duine acu abhaile uainn. Nior imthigh mo dha chailin ce gur shil siad e a dheanamh .

Bhi orainn fanacht annsin tamall eile, tugadh go Luimneach ar bhus muid ach ni a chodhladh e ach ag famaireacht thart. Bhi muid in an-chaoi leis an ragairne.